2020J083G1IS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí

## Páipéar Samplach

# Gaeilge T1

## Gnáthleibhéal

Am: 2 uair an chloig

270 marc

| Scrúduimhir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Stampa an Ionaid

| Don Scrúdaitheoir | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn | Ceist | Scrúd. | S.C. |
| A | 1 | | |
| | 2 | | |
| | 3 | | |
| B | 4 | | |
| | 5 | | |
| | 6 | | |
| | 7 | | |
| | 8 | | |
| | 9 | | |
| | 10 | | |
| | 11 | | |
| **Iomlán** | | | |
| Tasc Measúnaithe | | | |
| **MÓRIOMLÁN** | | | |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 45 marc | Éisteacht | 3 cheist |
| Roinn B | 225 marc | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 8 gceist |

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa leabhrán seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus le cuid na ceiste.

## Roinn A — Cluastuiscint — 45 marc

**Ceist 1** **(15 mharc)**

Sa cheist seo cloisfidh tú mír ón gclár *Fógraí an Lae* a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cloisfidh tú an mhír **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén club atá luaite san fhógra?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.



Club Foróige ☐


Club Snámha ☐


Club Óige ☐


Club Sacair ☐

**(b)** Cén lá a mbeidh an Club Óige ar siúl?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Dé hAoine ☐
- Dé Sathairn ☐
- Dé Domhnaigh ☐

**(c)** Cá háit a mbeidh an Phreab-Ghaeltacht ar siúl?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Beidh an Phreab-Ghaeltacht ar siúl sa Chlub Óige. ☐
- Beidh an Phreab-Ghaeltacht ar siúl in Uíbh Rathach. ☐
- Beidh an Phreab-Ghaeltacht ar siúl i dTrá Lí. ☐


**(d)** Cén t-am a dtosóidh an Phreab-Ghaeltacht?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- 7.30 p.m. ☐
- 8.30 p.m. ☐
- 9.30 p.m. ☐


**Ceist 2** **(15 mharc)**

Sa cheist seo cloisfidh tú mír ón gclár *Barrscéalta* a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cloisfidh tú an mhír **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén spórt atá luaite sa mhír seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.


☐


☐


☐


☐

**(b)** Cén tuairim faoin áit a léiríonn an láithreoir ina cuid cainte?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Is cuma léi faoin áit. ☐

Cáineann sí an áit. ☐

Molann sí an áit. ☐

**(c)** Conas a bhí an aimsir sna Dúnaibh le linn an deiridh seachtaine?

**(d)** Ainmnigh foireann **amháin** a bhuaigh ceann de na comórtais.

**Ceist 3** **(15 mharc)**

Sa cheist seo cloisfidh tú mír ón gclár *Nuacht a hAon* a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cloisfidh tú an mhír **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén pháirc atá luaite sa mhír seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Páirc imeartha ☐
- Páirc spraoi ☐
- Páirc ghnó ☐

**(b)** Cén áit a mbeidh an cruinniú poiblí ar siúl?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Sa pháirc spraoi. ☐
- Sa halla spóirt áitiúil. ☐
- Sa halla i Scoil Éinne. ☐

**(c)** Cá fhad atá an feachtas ar bun ag muintir an Spidéil?

**(d)** Conas a gheobhaidh muintir an Spidéil an t-airgead don pháirc?

| Roinn B | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 225 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** **(35 marc)**

Déan staidéar ar an bpóstaer thíos agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.




Tá amhráin nuachumtha i nGaeilge le roghnú don chomórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach, 2019. Beidh na hamhráin á gcanadh ag an gComórtas Náisiúnta i gCeatharlach ar an Satharn, 23 Márta 2019. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chuig an gComórtas Idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2019 i Leitir Ceanainn, 23 – 28 Aibreán 2019.

Amharclann, GB Shaw, Visual, Ceatharlach.

Arna eagrú ag: Glór Cheatharlach
Stiúrthóir Ceoil: Ollie Hennessy

**EOLAS, RIALACHA AGUS FOIRM IARRATAIS:**

www.panceltic.ie Ríomhphost: pancelticcarlow@gmail.com
Teileafón: +353 (0)59 9137365
+353 (0)85 1340047 / +353 (0)87 2857048

**Seol iarratais ar cd/mp3 maille leis an bhfoirm iarratais faoi 5i.n. Dé hAoine, 1ú Feabhra 2019 chuig:**

pancelticcarlow@gmail.com nó
Comórtas Amhrán Nua Pan Cheilteach 2019,
Glór Cheatharlach, Áras na nÓg, Éire Óg,
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 Y020

**(a)** Cén dáta a raibh an Comórtas Náisiúnta Pan Cheilteach ar siúl?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- 1 Feabhra 2019 ☐
- 23 Márta 2019 ☐
- 28 Aibreán 2019 ☐

**(b)** Cén áit a raibh an Comórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach ar siúl?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- I Muineachán ☐
- I gCeatharlach ☐
- I Leitir Ceanainn ☐

**(c)** Tá trí chuid sa duais atá le buachan. Ainmnigh **dhá** chuid ar bith díobh.

| |
|---|
| Cuid 1: |
| Cuid 2: |

**(d)** Luaigh **dhá** urraitheoir ar bith atá luaite ar an bpóstaer.

| |
|---|
| 1: |
| 2: |

**(e)** An dóigh leat gur póstaer maith **nó** nach póstaer maith é an póstaer thall? Cuir fáthanna le do fhreagra. Is féidir leat foclaíocht, íomhánna, dathanna, leagan amach agus eile a lua.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(30 marc)**

Ainmnigh úrscéal ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T1***, a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, a raibh carachtar ann a thaitin leat.
*Ní mór teideal an úrscéil sin, ainm an údair agus ainm an charachtair a scríobh síos go soiléir.*

**(a)** Teideal an úrscéil.

**(b)** Ainm an údair.

**(c)** Ainm an charachtair.

**(d)** Déan cur síos ar an gcarachtar sin.

**(e)** Mínigh na fáthanna ar thaitin **nó** nár thaitin críoch an úrscéil leat.

**Ceist 6** **(25 marc)**

Tá caithimh aimsire le feiceáil sna pictiúir thíos. Roghnaigh pictiúr **amháin** díobh agus scríobh blag faoin gcaitheamh aimsire sin. Luaigh na nithe seo a leanas sa bhlag:

- an teideal
- pointe dearfach **agus** pointe diúltach faoin gcaitheamh aimsire
- an rud is fearr faoin gcaitheamh aimsire sin
- moladh do dhaoine óga maidir le tábhacht caitheamh aimsire





**Ceist 7** **(50 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

## Comórtas náisiúnta buaite ag daltaí Thoraí



**1.** Déanann Logainm.ie sonraí a bhaineann le logainmneacha a bhailiú, a stóráil agus a roinnt. Tá logainmneacha ó gach áit sa tír stóráilte ar Logainm.ie. Is féidir le gach duine eolas a bhaineann leis na logainmneacha a fháil ansin. Tá treoir chuimsitheach maidir le hionchur logainmneacha ar fáil sna leathanaigh eolais ar Logainm.ie.

**2.** Eagraíonn Logainm.ie comórtas náisiúnta d'iar-bhunscoileanna chun logainmneacha a bhailiú. Glacann daltaí ó gach áit sa tír páirt sa chomórtas. Bhailigh daltaí iar-bhunscoile Thoraí breis agus 400 logainm don chomórtas sin anuraidh. Chuir daltaí Thoraí go leor taifeadtaí fuaime ar fáil chomh maith. Sna taifeadtaí sin tá teacht ar cheart-fhuaimniú na logainmneacha éagsúla.

**3.** Deir Meitheal Logainm.ie go gcabhróidh saothar dhaltaí iar-bhunscoile Thoraí 'le caomhnú oidhreacht logainmníochta Thoraí'. Tugadh le fios gur 'bailiúchán an-suntasach' é. Dúradh go raibh taifead sa bhailiúchán 'ar eolas luachmhar staire, tíreolaíochta agus logainmneacha don chéad ghlúin eile'. Áirítear ainmneacha carraigeacha, scoilteanna, páirceanna, uaimheanna agus neart logainmneacha eile mar chuid den bhailiúchán. Is mór is fiú cuairt a thabhairt ar Logainm.ie agus roinnt eolais a fháil faoi logainmneacha éagsúla.

**(a)** Céard a dhéanann Logainm.ie? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Sonraí faoi iar-bhunscoileanna a bhailiú. ☐
- Sonraí faoi dhaltaí scoile a bhailiú. ☐
- Sonraí faoi logainmneacha a bhailiú. ☐

**(b)** Cén áit a bhfuil eolas cuimsitheach maidir le hionchur logainmneacha? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Sna leathanaigh eolais ar shuíomh na scoile. ☐
- Sna leathanaigh eolais ar shuíomh Logainm.ie. ☐
- Sna leathanaigh eolais ar shuíomh oileán Thoraí. ☐

**(c)** Cé mhéad logainm a bhailigh daltaí iar-bhunscoile Thoraí? (Alt 2)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Ceithre chéad ☐
- Ceithre chéad déag ☐
- Ceithre mhíle ☐

**(d)** Cad atá sna taifeadtaí fuaime? (Alt 2)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- An bealach mícheart leis na logainmneacha a fhuaimniú. ☐
- An bealach ceart leis na logainmneacha a fhuaimniú. ☐
- An bealach is fearr le teacht ar Logainm.ie. ☐

**(e)** Scríobh síos rud **amháin** suntasach faoin mbailiúchán atá déanta ag daltaí iar-bhunscoile Thoraí. (Alt 3)

**(f)** Scríobh síos logainm **amháin** atá i do cheantar féin. Mínigh an logainm sin.

**Ceist 8** **(25 marc)**

Roghnaigh gearrscéal ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T1***, a ndearna tú staidéar air, agus a bhfuil eachtra spéisiúil ann. *Ní mór teideal an ghearrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go soiléir.*

**(a)** Teideal an ghearrscéil.

**(b)** Ainm an údair.

**(c)** Déan cur síos ar an eachtra spéisiúil sin.


**(d)** Conas a mhothaigh tú faoin eachtra spéisiúil sin? Tabhair fáthanna as an ngearrscéal mar thacaíocht le do fhreagra.

**Ceist 9** **(10 marc)**

Léigh an t-alt thíos. Tá cló trom ar chuid de na focail san alt agus tá eagarthóireacht le déanamh orthu. Déan an eagarthóireacht sin (litriú, poncaíocht nó aon athrú eile) agus scríobh isteach sa ghreille thíos na leaganacha cearta de na focail sin. Tá uimhir a haon déanta mar shampla duit.

**is**(1) scannán an-mhaith é an leagan **gaeilge**(2) de *The Breadwinner, An Saothraí.* Tá **na**(3) scéal bunaithe **air**(4) leabhar **léi**(5) Deborah Ellis. **Bí**(6) an scéal faoi chailín **óga**(7) Parvana atá **in**(8) cónaí i **tír**(9) atá faoi **cois**(10) ag an Taliban. **Tar**(11) an scannán amach in 2017.

| | |
|---|---|
| 1: **Is** | 7: |
| 2: | 8: |
| 3: | 9: |
| 4: | 10: |
| 5: | 11: |
| 6: | |




**Ceist 10** **(25 marc)**

Roghnaigh gearrscannán ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T1*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an ghearrscannáin sin a scríobh síos go soiléir.*

**(a)** Teideal an ghearrscannáin.

**(b)** Cad é príomhthéama an ghearrscannáin?

**(c)** Conas a léirítear an príomhthéama sin?

**(d)** Déan cur síos ar radharc **amháin** as an ngearrscannán atá ainmnithe agat a chuaigh i bhfeidhm ort féin.

**Ceist 11** **(25 marc)**

Taispeánann an pictiúr thíos bruscar caite timpeall na háite. Scríobh ríomhphost chuig páipéar nuachta faoi. I do ríomhphost pléigh na pointí seo a leanas:

**(i)** an áit a bhfuil an bruscar caite

**(ii)** an bealach a scriosann bruscar an áit sin

**(iii)** fáth **amháin** a bhfuil bruscar caite ansin

**(iv)** an bealach ar féidir fadhb an bhruscair a réiteach.



| | |
|---|---|
| Chuig: | nuachtan@eircom.net |
| Ó: | scolaire@gmail.com |
| Ábhar: | Bruscar |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhá ar leathanach 3: www.walmart.com, www.somersham-pc.gov.uk, www.gaisce.ie, www.brisbane.qld.gov.au
Íomhá ar leathanach 4: Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Íomhá ar leathanach 6: www.forasnagaeilge.ie
Íomhá ar leathanach 9: www.google.com, www.humanandworkproject.eu, www.independent.co.uk
Íomhá ar leathanach 10: www.irishlandmark.com
Íomhá ar leathanach 13: www.my.carousell.com
Íomhá ar leathanach 15: www.wikipedia.org

**Téacsanna**

Téacs éisteachta do leathanach 3, 4 & 5: www.rte.ie/rnag/podcasts
Téacs ar leathanach 6: www.forasnagaeilge.ie
Téacs ar leathanach 10: www.tuairisc.ie

**Fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus a athcóiríodh lena gcur in oiriúint don chóras measúnachta gan é a chur i gcead na n-údar roimh ré. Ullmhaíodh an páipéar de réir Alt 35(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000. Ní údaraítear aon úsáid a bhaint as seachas an úsáid lenar ceapadh é. Ní ghlacann an Coimisiún aon fhreagracht as aon sárú ar chearta tríú páirtí a leanann as dáileadh nó as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Gnáthleibhéal

# Gaeilge T1

Páipéar Samplach
Am: 2 uair an chloig